2026/2413

4.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2413 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Samhain 2026

i ndáil le Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir leis an Oideachas (EDU-EDIC) a bhunú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Lúnasa 2026, chuir an Ísiltír, an Fhrainc, an Spáinn agus an Ghréig iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir leis an Oideachas (EDU-EDIC) a bhunú. Rinne an Chróit iarratas an 24 Meán Fómhair 2026. Rinne an tSlóivéin iarratas an 6 Deireadh Fómhair 2026. Rinne an Fhionlainn agus an Bheilg iarratas an 9 Deireadh Fómhair 2026.

(2) Mar Bhallstát óstach, sholáthair an Ísiltír dearbhú i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d) de Chinneadh (AE) 2022/2481 lena n-aithnítear EDU-EDIC mar chomhlacht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 143(1), pointe (g), agus Airteagal 151(1), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([2]) agus mar eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([3]), ón dáta a chuirfear ar bun é.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas de bhun Airteagal 14(2) de Chinneadh (AE) 2022/2481. Chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha a cheanglaítear faoi Airteagal 14(1) den Chinneadh sin. Agus cuspóirí ginearálta an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach á gcur san áireamh, go háirithe rannchuidiú an EDIC atá beartaithe leis an tionscadal ilnáisiúnta a bhaineann le bonneagar sonraí coiteann Eorpach agus seirbhísí coiteanna Eorpacha, go háirithe chun ceannasacht an bhonneagair dhigitigh san oideachas a neartú, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann an EDIC atá beartaithe na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 13 go 21 de Chinneadh (AE) 2022/2481.

(4) Is tionscnamh straitéiseach é EDU-EDIC a bhfuil sé d'aidhm aige tacú le réitigh bonneagair dhigitigh cheannasacha agus idir-inoibritheacha a fhorbairt le haghaidh an oideachais san Aontas. Is é is aidhm dó spleáchais struchtúracha ar sholáthraithe oideachais dhigitigh tríú tír a laghdú trí, i measc nithe eile, na réitigh dhigiteacha a chuireann earnáil theicneolaíocht oideachais na hEorpa ar fáil do scoileanna a chothú, lena n-áirítear uirlisí intleachta saorga, rialachas agus idir-inoibritheacht sonraí oideachais a neartú, agus rannchuidiú le héiceachóras foghlama digití iontaofa, cuimsitheach agus nuálach san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le tionscnaimh bheartais oideachais an Aontais, lena n-áirítear Aontas na Scileanna agus an Pacáiste Oideachais atá ar na bacáin, is é is aidhm do EDU-EDIC freisin acmhainneachtaí teagaisc agus foghlama a mhéadú ar fud an Aontais.

(5) Chun a áirithiú go gcuirfear na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i bhfeidhm go pras, mar atá tús a chur le EDU-EDIC, rud atá ríthábhachtach dá chur chun feidhme ordúil, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 23(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481.

([1]) IO L 323, 19.12.2022, lch. 4. ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj.
([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([3]) ³. Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bunaítear leis seo an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir leis an Oideachas (EDU-EDIC).

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag EDU-EDIC agus beidh aige i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí an Bhallstáit sin. Go háirithe, féadfaidh sé maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil agus a dhiúscairt agus úinéireacht a bheith aige ar an maoin sin agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Leagtar amach gnéithe fíor-riachtanacha de reachtanna EDU-EDIC, mar a chomhaontaigh a chomhaltaí iad, san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

EILIMINTÍ FÍOR-RIACHTANACHA DE REACHTANNA EDU-EDIC

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (c), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

'*Airteagal 2*

Ainm, oifig, suíomh agus teanga oibre

[…]

2. Is é 'EDIC maidir leis an Oideachas' ainm an EDIC dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal seo, dá ngairtear 'EDU-EDIC'.

3. Beidh oifig chláraithe EDU-EDIC sa Háig, an Ísiltír'.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (d), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

'*Airteagal 27*

Fad ama

Beidh EDU-EDIC ann go ceann tréimhse ama éiginnte.

Airteagal 28

Foirceannadh

(1) Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh EDU-EDIC i gcomhréir le hAirteagal 10(9) de na Reachtanna sin.

(2) Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá, tabharfaidh EDU-EDIC fógra don Choimisiún faoin gcinneadh EDU-EDIC a fhoirceannadh.

(3) Sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha EDU-EDIC a íoc, déanfar iad a chionroinnt i measc na gComhaltaí i gcoibhneas lena ranníocaíocht bhliantúil charntha le EDU-EDIC, mar a shonraítear in Airteagal 9, nó aistreofar iad chuig eintiteas dlíthiúil eile, a mhéid a leanann an t-eintiteas sin le gníomhaíochtaí EDIC.

(4) Gan moill mhíchuí agus, in aon chás laistigh de 10 lá, tabharfaidh EDU-EDIC fógra don Choimisiún faoi dhúnadh an nós imeachta foirceanta.

(5) Tiocfaidh deireadh le EDU EDIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ní choiscfidh foirceannadh EDU-EDIC aistriú ghníomhaíochtaí EDU-EDIC chuig eintiteas dlíthiúil nua. Déanfar an t-aistriú sin i gcomhréir leis na coinníollacha arna gcinneadh ag Tionól na gComhaltaí agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún.'

(3) I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (e), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

'*Airteagal 19*

Dliteanas agus árachas

(1) Beidh EDU-EDIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

(2) Beidh dliteanas airgeadais na gComhaltaí i leith fhiacha EDU-EDIC teoranta dá ranníocaíocht féin a sholáthair siad dó, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Reachtanna sin.

(3) Ní bheidh an tAontas faoi dhliteanas i leith fhiacha EDU-EDIC.

(4) Beidh árachas iomchuí ag EDU-EDIC chun rioscaí atá sonrach dá ghníomhaíochtaí a chumhdach.'

(4) I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (i), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

'*Airteagal 18*

Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

(1) Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1), pointe (g), agus Airteagal 151(1), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EDU-EDIC agus Comhaltaí de EDU-EDIC agus atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EDU-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannacháin den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EDU-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin.

(2) Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

(3) Díolúintí ó dhleacht mháil bunaithe ar Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EDU-EDIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EDU-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannacháin den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EDU-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach na gceannachán ná EUR 300.

(4) Tionscnófar an nós imeachta ar an leibhéal náisiúnta chun EDU-EDIC a chlárú mar eagraíocht idirnáisiúnta an lá a bhunófar EDU-EDIC.

(5) Ní chumhdófar leis na díolúintí ceannacháin a dhéanfaidh baill foirne.'